Fleadh Cheoil na hÉireann 2013

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi óstú Fhleadh Cheoil na hÉireann na bliana seo chugainn. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

Cén chathair ó thuaidh atá luaite le Fleadh na bliana seo chugainn?

Cá raibh an Fleadh Cheoil le dhá bhliain anuas?

Cén mhí den bhliain a bhíonn an Fleadh ar siúl de ghnáth?

Ar fhreastail tú féin ar an bhFleadh riamh?

Ceist 2 Anois gan féachaint go fóill, déan iarracht na focail Ghaeilge a mheaitseáil leis na focail Bhéarla seo. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

Reáchtáil _____ Threat

Bagairt _____ Because of

Easaontóirí _____ Bomb

Teorainn _____ United Kingdom

Siocair _____ Appeal

Ríocht Aontaithe _____ Organise

Buama _____ Dissidents

Diúltaigh _____ Border

Achomharc _____ Refuse

Ceist 3 Anois féach ar an mír agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cén fáth gur theastaigh ó Chathair Dhoire go mbeadh an Fleadh ann sa bhliain 2013?

2. Cén dream a phlandáil an dá bhuama i nDoire an tseachtain seo caite?

3. Cén fáth go bhfuil fiosrú ar bun faoi chinneadh Chomhairle Uladh?

4. Ainmnigh an dá bhaile eile a bhfuil iarratas istigh acu do Fleadh na bliana seo chugainn.

5. Cén sprioclá atá ag Doire rudaí a chur ina gceart leis an iarratas?

Ceist 4 Anois, féach ar an mír arís agus déan iarracht focail a aimsiú sa sliocht a bhfuil an bhrí chéanna acu leis na focail thíos.

A eagrú_____

Mar gheall air _____

An Bhreatain_____

In aghaidh_____

Cén fáth_____

Nasc_____

I láthair na huaire_____

Ceist 5 **'***Phléasc* ***dhá bhuama…'***

Déan iarracht na habairtí thíos a scríobh amach i bhfoirm focal.

20 x bó

18 x litir

2 x gallún

8 x builín

12 x mála

19 x duine

100,000 x gasúr

7 x cat & 5 x madra

15 x buachaill

150 x carr

Ceist 6 Déan an ráiteas thíos a phlé. Is féidir é a úsáid mar rún díospóireachta.

'Níor cheart comórtas nó féile a bhaineann le cultúr na nGael a óstú agus a cheiliúradh sa Ríocht Aontaithe'

Treoracha

Ceist 1 Tá Cathair Dhoire luaite le Fleadh 2013

Bhí an Fleadh i mBaile an Chabháin le dhá bhliain anuas

Is ag deireadh Mhí Lúnasa a reáchtaítear é.

Ceist 2

Reáchtáil	Organise
Bagairt	Threat
Easaontóirí	Dissidents
Teorainn	Border
Siocair	Because of
Ríocht Aontaithe	United Kingdom
Buama	Bomb
Diúltaigh	Refuse
Achomarc	Appeal

Ceist 3

1. Bhí Doire ag iarraidh Fleadh ann sa bhliain 2013 mar gur Cathair Chultúir de chuid na Ríochta Aontaithe í an bhliain sin.

2. Is easaontóirí poblachtánacha a phlandáil an dá bhuama i nDoire an tseachtain seo caite.

3. Tá fiosrú ar bun faoi chinneadh Chomhairle Uladh mar gheall gur fochoiste a rinne an cinneadh seachas an Chomhairle iomlán.

4. Tá iarratas istigh ag Sligeach agus ag Inis an Chláir.

5. Is é an Satharn seo chugainn an sprioc atá ag Doire rudaí a chur ina gceart leis an iarratas.

Ceist 4

A eagrú	**A reachtáil**
Mar gheall ar	**Siocair**
An Bhreatain	**An Ríocht Aontaithe**
In aghaidh	**In éadan**
Cén fáth	**Cad ina thaobh**
Nasc	**Ceangal**
I láthair na huaire	**Faoi láthair**

Ceist 5 **‘***Phléasc* ***dhá bhuma…’***

Déan iarracht na habairtí thíos a scríobh amach i bhfoirm focal.

Fiche bó

Ocht litir déag

Dhá ghallún

Ocht mbuilín

Dhá mhála dhéag

Naoi nduine dhéag

Céad míle gasúr

Seacht gcat agus cúig mhadra

Cúig bhuachaill déag

Céad caoga carr

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó é a úsáid mar rún díospóireachta.

Áine Lally

Tá Comhairle Uladh de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann cáinte faoi gur dhiúltaigh siad d'iarratas Dhoire, Fleadh Cheoil na hÉireann a reachtáil sa chathair[1] an bhliain seo chugainn. Deir comhairle Uladh gur mar gheall ar bhagairt ó easaontóirí poblachtacha a glacadh an cinneadh.

Áine Ní Ghallchóir

Faoi iarratas Dhoire chun Fleadh Cheoil na hÉireann a reachtáil ó thuaidh den teorainn den chéad uair riamh, bheadh sé ar siúl le linn bhliain chathair an chultúr na Ríochta Aontaithe. Siocar an ceangal leis an Ríocht Aontaithe tá roinnt ball ina choinne, ach Dé Céadaoin[2] seo caite d'aontaigh bord an Chontae tacú leis an iarratas. An lá dar gcionn phléasc dhá bhuama sa chathair agus aréir dhiúltaigh Comhairle Uladh den Chomhaltas tacú leis an iarratas siocar an bhagairt ó easaontóirí poblachtacha a dúirt siad[3]. Tá achomharc déanta anois ag comhaltas Dhoire

Gearóid ó hEára

Níl sé ceart go mbeadh comhaltas sa[4] tuaisceart ag diúltú rud a chur ar aghaidh chuig an ardchomhairle. Seo é an chéad uair i stair Comhaltas Ceoltóirí Éireann gur tharla seo, go ndeachaigh Cúige in éadan iarratas a tháinig ó thaobh istigh den Chúige céanna.

Áine Ní Ghallchóir

Deir Ardstiúrthóir an Chomhaltais go bhfuil ceisteanna le freagairt ag Comhairle Uladh maidir le seasamh an cinneadh a ghlac siad nuair a glacadh cinneadh roimhe seo tacú leis an iarratas.

Labhrás Ó Murchú

Inné, ní an chomhairle[5] iomlán a bhí ag teacht le chéile, mar sin[6] tá fiosrú ar siúl cad ina thaobh[7] go ndearna[8] fochoiste de Chomhairle Uladh athrú ar an gcinneadh a bhí déanta go dtí seo.

Áine Ní Ghallchóir

Faoi láthair tá iarratas istigh ag Sligeach agus ag Inis i gContae an Chláir chun Fleadh Cheoil na hÉireann a óstú an bhliain seo chugainn. Níl ach go dtí[9] an Satharn seo ag Doire an bealach a réiteach dá n-iarratas sula ndéanfaidh Ardchomhairle Chomhaltas Ceoltóirí Éireann an cinneadh deiridh.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4, Doire.

---

[1] Sa gCathair a deirtear sa mhír
[2] Dé Céadaoine a deirtear
[3] dúradar a deirtear go canúnach
[4] insan a deirtear sa mhír
[5] An comhairle a deirtear
[6] 'so' a deirtear sa mhír
[7] canathaobh a deirtear
[8] 'gur dhein' a deirtear sa mhír. Tá sé seo canúnach
[9] Níl go dtí ach an…a deirtear